**Leideanna PhET do Mhúinteoirí: *Snámhacht***

**Leideanna maidir le Rialaitheoirí:**

- Is féidir na scálaí agus na bloic araon a bhogadh.
- Is féidir leat na bloic a chur san uisce. Má shnámhann corp, is féidir leat é a choimeád faoin uisce chun a thoirt a thomhas.
- Usáid an scála agus toirt an uisce a dhíláithrítear chun dlúsanna na gcorp rúnda a ríomh.
- Roghnaigh mais chéanna, toirt chéanna nó dlús céanna chun snámhacht dhá bhloc a chur i gcomparáid nó a chur i gcodarsnacht.
- Cas air na fórsaí agus tarraing an corp faoin dromchla chun an chaoi ina n-athraíonn fórsa na snámhachta a fheiceáil.
- Is féidir athrú ó uisce go hola ag baint úsáide as na cnaipí ag bun an táib ar a dtugtar *Réamhrá*. Sa táb ar a dtugtar *Áit Súgartha na Snámhachta*, tá sleamhnóir leanúnach ann do dhlús an tsreabháin.
- Is féidir an scála sa tsreabhán a bhogadh.
- Tá níos mó rialaitheoirí ar fáil sa táb "*Áit Súgartha na Snámhachta".*
- Má bhíonn léiriú á thabhairt agat le linn léachta, athraigh taifeach (resolution) an scáileáin go 1024x768 i dtreo go líonfaidh an t-ionsamhlúchán an scáileán chun go bhfeicfear go furasta é.

**Nótaí tábhachtacha maidir le nótaí múnlaithe / simpliúcháin:**

- I gcás réada ainmnithe sa roghchlár anuas, athraíonn an mhais an toirt chun an dlús a choimeád tairiseach; i gcás "*Mo Bhloc*", athraíonn an mhais an dlús.
- Bíonn fórsa cúltarraingthe ann agus an bloc ag gluaiseacht tríd an uisce, ach ní thaispeánaimid é. Cuireann sé mearbhall ar dhaltaí agus níl gá leis chun snámhacht a thuiscint.
- Is d'aon ghnó a d'fhágamar dlús an uisce ar lár ón sleamhnóir toisc gur thugamar faoi deara go mba chúis é le daltaí dul i ngleic níos mó leis an ionsamhaltúchán.

**Léargais ar úsáid agus ar smaointeoireacht na ndaltaí:**

- Ní gá a rá le daltaí an bloc a chur isteach san uisce, is minic gurb é an chéad rud a dhéanann siad.
- Tugann daltaí faoi deara gurb ionann an fórsa snámhachta agus meáchán an bhloic nuair a bhíonn an réad ar snámh.
- Cabhraíonn sé le daltaí na nithe tábhachtacha faoi shnámhacht a thabhairt faoi deara má chuirtear dhá bhloc i gcomparáid ag an am céanna.
- Tugann roinnt daltaí faoi deara go ndíláithríonn coirp a mais nuair a shnámhann siad ach, nuair a théann siad faoi uisce, is é an toirt a dhíláithríonn siad.
- Foghlaimíonn daltaí gurb é an dlús a chinntíonn cé acu an snámhann corp nó an dtéann sé go tóin poill.

**Moltaí maidir le húsáid an ionsamhlúcháin:**

- Chun leideanna a fháil maidir le hionsamhlúcháin a úsáid led' dhaltaí, breathnaigh: Treoirlínte maidir le hionchuir maidir le fiosrúcháin (Guidelines for Inquiry Conributions) agus Ionsamhlúcháin PhET a Úsáid (Using PhET Sims)
- Baineadh úsáid rathúil as na hionsamhlúcháin do obair bhaile, do léachtaí, do ghníomhaíochtaí sa rang agus do ghníomhaíochtaí saotharlainne. Bain úsáid astu chun réamhrá a thabhairt ar choincheapanna, chun coincheapanna nua a fhoghlaim, chun athtreisiú a dhéanamh ar choincheapanna, mar áiseanna amhairc do thaispeántais idirghníomhacha, nó le ceisteanna clicire ins an rang. Chun níos mó a léamh, breathnaigh: Fisic a Mhúineadh ag Úsáid Ionsamhlúcháin PhET (Teaching Physics Using PhET Simulations)
- Le haghaidh gníomhaíochtaí agus pleananna ranga atá scríofa ag foireann PhET agus ag múinteoirí eile, breathnaigh: Smaointe agus Gníomhaíochtaí ó Mhúinteoirí (Teacher Ideas and Activities)

Scríofa ag Trish Loeblein agus Noah Podolefsky. Uasdátú deireannach 22 Aibreán, 2011